NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: An tAm atá Thart i m'Áit

## Modúl Roghnach

Le haghaidh comhairliúcháin



Samhain 2025

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Is modúl roghnach é An tAm atá Thart i m'Áit.

Ceapadh An tAm atá Thart i m'Áit le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| An tAm atá Thart i m'Áit | 60 |

# Réasúnaíocht

Cuireann an modúl roghnach an tAm atá Thart i m'Áit deiseanna ar fáil do scoláirí dul i mbun rannpháirtíochta lena bpobal, é a fhiosrú agus teagmháil fhiúntach a dhéanamh leis.[1]. Ceapadh an modúl roghnach seo le go mbeadh an stair inrochtana, ábhartha agus tarraingteach trí bhéim a chur ar na daoine, na háiteanna agus na himeachtaí atá in gcuid de phobal na scoláirí. Ar an dóigh sin, gheobhaidh scoláirí tuiscint níos fearr ar a bpobal féin agus tacóidh sin le féiniúlacht agus muintearas na scoláirí ina dtimpeallachtaí.

Gheobhaidh scoláirí feasacht ar shainchomhartha, imeachtaí agus traidisiúin thábhachtacha ina bpobal áitiúil agus ina bpobal níos leithne. Trí stair na n-áiteanna a bhfuil cur amach acu orthu a fhiosrú, féadfaidh scoláirí na bealaí ina bhfuil athrú tagtha ar phobail le himeacht aimsire a shainaithint mar aon leis na bealaí inar chuir daoine, san am atá thart agus san am i láthair, lena bpobail.

Trí fhoghlaim faoin stair cuirtear tuiscint na scoláirí chun cinn maidir lena bhféiniúlacht agus a gceangal leis an bpobal. Feicfidh siad iad féin mar chuid de scéal leanúnach, agus iad ag aithint na mbealaí inar seachadadh traidisiúin, féilte agus luachanna pobail ar aghaidh leis na glúnta.

Cuireann forbairt ar thuiscint na scoláirí ar a bpobal áitiúil agus a bpobal níos leithne le forbairt príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus a mhalairt. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus déantar forbairt scileanna saoil tábhachtacha, atá bunriachtanach do neamhspleáchas na scoláirí, a chur chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe do na scoláirí ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann siad dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn siad chuig an saol tar éis na scoile.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Leis an modúl seo, cuirtear chun cinn foghlaim agus eispéiris na scoláirí sa tsraith shóisearach agus tógtar orthu.
Tríd an tAm atá Thart i m'Áit, tacaítear le príomhscileanna na scoláirí a chur chun cinn ón tsraith shóisearach, scileanna maidir le féinbhainistiú, le bheith ag fanacht folláin, le cumarsáid a dhéanamh, le bheith cruthaitheach, le bheith ag obair le daoine eile agus le heolas agus smaointeoireacht a bhainistiú. Tríd an modúl seo, cuirtear chun cinn freisin forbairt agus foghlaim i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, agus comhordú luaile.

[1] Tagraíonn pobal, laistigh de chomhthéacs an mhodúil seo, do theaghlach, baile, scoil, pobal áitiúil nó pobal níos leithne an scoláire.

Tugtar deiseanna do na scoláirí a léiriú conas is féidir foghlaim a fhaightear anseo a nascadh leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil eile sa tsraith shinsearach, le réimsí curaclaim, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil. Is féidir leis na scoláirí cur lena gcuid foghlama ón Aonad Foghlama Tosaíochta Maireachtáil sa Phobal agus ó Stair, Tíreolaíocht, Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) na Sraithe Sóisearaí agus a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm ar fud mhodúil na sraithe sinsearaí amhail Aire a Thabhairt do mo Thimpeallacht, Réimse Sainspéise, Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Drámaíocht, agus Amharc-ealaín.

Tá an méid sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht na scoláirí a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, bheith cruthaitheach, iad féin a chur in iúl, a gcuid braistintí, mothúchán agus smaointe a fhiosrú chomh maith le peirspictíochtaí daoine eile a fhiosrú ar bhealaí éagsúla. Tá an méid sin ina chuidiú chun eispéireas foghlama leanúnach a sholáthar do na scoláirí ar feadh na sraithe sinsearaí. Tríd sin tacaítear leis na scoláirí lasmuigh den scoil agus soláthraítear braistint gaisce agus muiníne do na scoláirí de réir mar a aistríonn siad chuig saol na hoibre, an staidéir nó seirbhísí breise.

## Teagasc agus foghlaim

Tríd an am atá thart a fhiosrú laistigh de phobal nó ceantar, tacaítear le rochtain a fháil ar staidéar níos leithne ar an stair. Cuirtear an deis ar fáil do scoláirí páirt a ghlacadh in eispéiris foghlama thadhlacha agus idirghníomhacha. Le hacmhainní breise agus deiseanna rannpháirtíochta san fhíorshaol, cuirtear le taitneamh, fiosrú agus léirthuiscint na scoláirí maidir leis an am atá caite thart orthu. De réir mar a éiríonn na scoláirí feasach ar a bpobal áitiúil agus ar a bpobal níos leithne agus rannpháirteach ann, cothaítear a dtuiscint orthu féin agus ar a bhféiniúlacht agus iad ag aithint a róil, ról a dteaghlaigh agus ról a scoile i gcruthú na staire, agus an tábhacht a bhaineann leo dá bpobal féin.

Tá gníomhaíochtaí ar an meán trínar féidir na torthaí foghlama a bhaint amach. Féadfaidh na gníomhaíochtaí éagsúlacht a bpobal a léiriú. Cé go bhfuil roinnt samplaí liostaithe, tá an tsolúbthacht ag scoileanna chun a gcuid gníomhaíochtaí féin a sholáthar ag brath ar a gcomhthéacsanna uathúla féin. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar ghníomhaíochtaí, ach gan bheith teoranta dóibh:

- Turas treoraithe ag scoláire/ag an múinteoir go sainchomharthaí tábhachtacha, agus a dtábhacht a phlé
- Cuairt ar mhúsaem áitiúil nó ionad oidhreachta
- Aoichainteoir a roinneann scéalta faoin am atá thart ina gceantar
- Scoláirí agus iad ag roinnt a scéalta féin
- Agallamh le duine a bhfuil eolas stairiúil acu ar an gceantar
- Taisceadán todhchaí a dhéanamh
- Taispeáint de dhéantúsáin chun déantúsáin a láimhseáil agus a fhiosrú agus chun pictiúir de na háiteanna inar úsáideadh iad a mheaitseáil nó comparáid a dhéanamh idir na déantúsáin agus earraí nua (amhail iarann smúdála, raidió)
- Sórtáil grianghraf ón am atá thart vs ón am i láthair chun comparáid a dhéanamh idir sean-ghrianghraif agus grianghraif nua den tsráid, foirgneamh, iompar, éadaí céanna
- Gníomhaíochtaí amlíne ina gcuirtear grianghraif d'imeachtaí pobail in ord

- Múr-amlíne sa seomra ranga – taispeáint a chruthú ar an mballa ina ndéantar stair an phobail áitiúil a sheicheamhú le líníochtaí/grianghraif
- Lá na staire – roinneann scoláirí scéal nó réad atá nasctha lena stair
- Roinneann scoláirí a stair féin
- Cartlanna digiteacha, leabhair nó grianghraif den cheantar a fhiosrú chun foghlaim faoi ghné ar leith den stair áitiúil
- Rólimirt – lá, imeacht nó gné den saol san am atá thart atá nasctha lena bpobal a léiriú le haisteoireacht

Tacófar le scoláirí a gcuid roghanna a chur in iúl agus a gcuid foghlama a chur i láthair i bhformáid a roghnóidh siad féin. I gcás inar cuí, is féidir teicneolaíocht dhigiteach agus oiriúnaitheach a úsáid chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht. A bhuí le háiseanna amhairc, uirlisí oiriúnaitheacha agus gléasanna cumarsáide, gléasanna leictreonacha, leideanna amhairc agus réad, feabhsaítear foghlaim agus inniúlacht na scoláirí chun dul i mbun na gníomhaíochta foghlama agus taitneamh a bhaint aisti.

Trína gcuid scéalta féin agus scéalta áitiúla a athinsint agus trí rannchuidiú le tionscadail ghrúpa, cuirtear le muinín na scoláirí agus iad ag cur smaointe in iúl agus ag glacadh páirt sa chomharfhoghlaim ar bhealach gníomhach. Leis an modúl roghnach seo cuirtear foghlaim riachtanach chun cinn amhail seicheamhú, catagóiriú, ceistiú, agus tacaíochtaí amhairc agus sceidil a úsáid amhail léarscáileanna, grianghraif, déantúsáin, agus amlínte. Toisc go gcuireann an modúl seo cuir chuige ghníomhacha, eispéireasacha agus ilchéadfacha i leith teagaisc agus foghlama ar fáil, is féidir scileanna réitigh fadhbanna agus breathnóireachta na scoláirí a neartú ar bhealaí atá sonrach agus tarraingteach.

# Modúl: An tAm atá Thart i m’Áit

## Tuairisceoir modúil

Fiosraíonn scoláirí go leor gnéithe den am atá thart, téann siad i mbun rannpháirteachais leo agus baineann siad sult astu. Forbraíonn siad feasacht agus léirthuiscint ar an dóigh ar athraigh a bpobal le himeacht aimsire agus ar na daoine a chuidigh lena athrú agus a chuaigh i bhfeidhm air. Tacaíonn an modúl seo le feasacht agus fiosracht na scoláirí faoina bpobal áitiúil agus faoin bpobal níos leithne, agus tuiscint á forbairt acu ar a thábhacht dá saol agus ar a dtábhacht féin laistigh den phobal. Spreagtar scoláirí le gné den stair a chur i láthair do lucht féachana i bhformáid ar bith dá rogha féin.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| Eolas agus tuiscint ar stair a bpobail a chothú | a. príomh-shainchomharthaí nó áiteanna tábhachtacha sa phobal a aithint<br>b. daoine sa phobal a d'imir tionchar ar a stair a shainaithint<br>c. cuimhneamh ar imeachtaí tábhachtacha san am atá thart amhail aontaí, féilte, agus imeachtaí stairiúla<br>d. idirdhealú a dhéanamh idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair trí chomparáid a dhéanamh idir grianghraif nó réada<br>e. athruithe ina bpobal a aithint le himeacht aimsire amhail iompar, tithíocht, scoileanna<br>f. déantúsáin nó grianghraif stairiúla a mheaitseáil leis na háiteanna a raibh siad le fáil iontu sa phobal<br>g. áiteanna, imeachtaí agus sainchomharthaí áitiúla a aimsiú<br>h. imeachtaí stairiúla ábhartha a sheicheamhú<br>i. réada nó íomhánna a shórtáil i gcatagóirí amhail “sean” agus ”nua”<br>j. amlíne de phríomhimeachtaí i stair an phobail a chruthú<br>k. cur síos ar rud amháin tábhachtach a rinne duine éigin i stair a bpobail |

| | |
|---|---|
| An méid a chuir daoine san am atá thart le saol an lae inniu | l. roghanna a chur in iúl maidir leis na háiteanna stairiúla áitiúla is fearr leo<br>m. tionscadal aonair/grúpa a chur i láthair faoi ghné den stair<br>n. cosúlachtaí agus difríochtaí a shainaithint idir an gnáthshaol inniu agus san am atá thart<br>o. fiosrú a dhéanamh ar an mbealach ina nascann traidisiúin agus féilte na glúnta a tháinig romhainn leis an bpobal inniu<br>p. plé a dhéanamh ar conas a chuidigh daoine san am atá thart le pobal an lae inniu a chruthú<br>q. eispéiris phearsanta nó scéalta teaghlaigh a bhaineann lena bpobal a roinnt. |

